Cúirt an Mheán Oíche

Ba ghnách mé ag siúl le ciumhais na habann
Ar bháinseach úr is an drúcht go trom,
In aice na gcoillte, i gcoim an tslé',
Gan mhairg, gan mhoill, ar shoilse an lae.
Do ghealadh mo chroí nuair chínn Loch Gréine,
An talamh, an tír, is íor na spéire;
Taithneamhach aoibhinn suíomh na sléibhte
Ag bagairt a gcinn char dhroim a chéile.
Do ghealfadh an croí bheadh críon le cianta,
Caithe gan bhrí, nó líontha de phianta,
An séichleach searbh gan sealbh gan saibhreas
D'fhéachfadh tamall thar barra na gcoillte
Ar lachain 'na scuaintre ar chuan gan cheo
'S an eala ar a bhfuaid 's í ag gluaiseacht leo;
Na héisc le meidhir ag éirí in airde,
Péirse im radharc go taibhseach tarrbreac,
Dath an locha agus gorm na dtonn
Ag teacht go tolgach thorannach trom.
Bhíodh éanlaith i gcrainn go meidhreach mórmhar
Is léimneach eilte i gcoillte im chóngar,
Géimreach adhairce is radharc ar shlóite,
Tréanrith gadhar is Reynard rómpu.